



OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ

NÓSANNA IMEACHTA UM CHOSAINT LEANAÍ

MÁRTA 2018

NUASHONRAITHE IN Eanáir 2020

OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ
NÓSANNA IMEACHTA UM CHOSAINT LEANAÍ
Eanáir 2020

Clár Ábhair

1. Freagrachtaí tuairiscithe foirne
2. Nósanna imeachta tuairiscithe agus cinnteoireachta
3. Nós imeachta tuairiscithe i ndáil le líomhaintí i gcoinne baill foirne maidir le mí-úsáid a dhéanamh
4. Nós imeachta tuairiscithe i ndáil le líomhaintí i gcoinne conraitheora tríú páirtí arna fhostú ag institiúid sheachtrach maidir le mí-úsáid a dhéanamh
5. Rúndacht agus Malartú Faisnéise
6. Forais Réasúnacha
7. Cosaintí Dleathacha
8. Ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Duine Ábhartha
9. Tuairiscí a fháil ó leanaí agus daoine óga maidir le díobháil líomhnaithe
10. Cleachtais um chumhdach leanaí le linn bualadh le leanaí agus daoine óga
11. Nósanna imeachta sábháilte um fhoireann a earcú agus a roghnú

1. Freagrachtaí tuairiscithe foirne

Tá freagracht ar gach aon duine ó thaobh leanaí a chumhdach. Cé go gcaithfear measúnú agus dearbhú na mí-úsáide líomhnaithe agus na mí-úsáide iarbhír a fhágáil faoi na gairmithe agus na gníomhaireachtaí iomchuí, tá sé de dhualgas ar bhaill foirne uile OOL imní ar bith a thagann chun suntais dóibh maidir le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí, trí ghné ar bith dá gcuid oibre, a thuairisciú do Tusla agus/nó don Gharda Síochána agus a chur in iúl do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) Oifig an Ombudsman do Leanaí ¹. Sa doiciméad seo, mionsonraítear na nósanna imeachta maidir lena leithéid d'ímní a thuairisciú. Ba cheart do bhaill foirne an ímní a thuairisciú go díreach do Tusla agus/nó don Gharda Síochána i gcás go gceaptar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach a ndíobhála. Ba cheart a leithéid d'atreoruithe a dhéanamh do DIA Oifig an Ombudsman do Leanaí. I ngach cás eile, ba cheart do bhaill foirne an ímní a phlé leis an bhFoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas de chuid Tusla agus más gá, le DIA Oifig an Ombudsman do Leanaí. Tá tuilleadh eolais le fáil maidir leis na nósanna imeachta tuairiscithe sna codanna a leanas. Ní mór an fhaisnéis go léir a bhaineann le cosaint agus leas leanaí a thaifeadadh ar Fhoirm Tuairiscithe Tusla um Chosaint agus Leas Leanaí.

Caithfidh foireann uile OOL cuntas ar líne a chruthú le Tusla chun críoche ímní a bhaineann le cosaint agus leas leanaí a thuairisciú. Is féidir é sin a dhéanamh ar <https://www.tusla.ie/children-first/web-portal/>.

2. Nósanna imeachta tuairiscithe agus cinnteoireachta

Baineann dhá chuid leis na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le cinnteoireacht agus atreoruithe agus baineann siad sna cásanna seo a leanas: (i) i gcásanna a cheaptar go bhfuil leanbh i **mbaol láithreach a ndíobhála**; (ii) i ngach cás eile. Leagtar amach thíos na próisis maidir le deileáil leis an dá chás seo agus baineann siad le **FOIREANN UILE OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ**.

2.1 I gcás go bhfuil leanbh i mbaol láithreach a ndíobhála

Féadfaidh ball foirne ar bith tuairisc a fháil go ndearnadh mí-úsáid ar leanbh, féadfaidh siad mí-úsáid linbh a fheiceáil nó féadfaidh amhras a bheith orthu go bhfuil nó go raibh mí-úsáid á déanamh ar leanbh, nó go bhfuil leanbh i mbaol a m(h)í-úsáide. Féadfaidh siad an fhaisnéis sin a fháil i roinnt bealaí: ar an teileafón, tríd an ríomhphost, i litir, ar na meáin shóisialta nó i bpearsa. **I gcásanna áirithe, féadfaidh an leanbh a bheith i**

¹ I gcás nach bhfuil an DIA ar fáil, ba cheart do bhaill foirne aon ímní maidir le cosaint leanaí a phlé leis an Leas-DIA.

mbaol láithreach a ndíobhála. Ina leithéid de chás, ní mór na bearta seo a leanas a ghlacadh chomh tapa agus is féidir.

- i. Déanann an ball foirne nóta den fhaisnéis ábhartha ar tugadh dóibh nó den teagmhas a chonaic siad. Más féidir in aon chor, ba chóir an fhaisnéis sin a thairneadh ar Theimpléad OOL um Chosaint agus Leas Leanaí. Ba cheart an méid aitheantóirí linbh agus is féidir (ainm an linbh, seoladh an linbh, dáta breithe an linbh) a thabhairt, chomh maith le cúis an imní a lua freisin.
- ii. Ba cheart don bhall foirne teagmháil láithreach a dhéanamh leis an bhFoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas ábhartha de chuid Tusla, an fhaisnéis a thabhairt dóibh agus comhairle a lorg maidir le cibé is ceart atreorú a dhéanamh nó nach ceart. Tá teacht ar shonraí teagmhála na foirne Oibre Sóisialta ar Dualgas i ngach contae tríd an nasc seo <http://www.tusla.ie/get-in-touch/duty-social-work-teams>.
- iii. Má tá Tusla den tuairim go bhfuil gá le hatreorú a dhéanamh, ba cheart don bhall foirne Foirm Thuairisce Tusla um Chosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú agus a chur isteach gan mhoill. Tá an fhoirm sin agus treoir maidir le hí a chomhlánú ar fáil ar www.tusla.ie. Ba cheart an fhoirm a sheoladh isteach trí thairseach gréasáin Tusla ach amháin má deir an Fhoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas a mhalairt a dhéanamh.
- iv. Má tá an chuma ar an scéal go bhfuil an leanbh i mbaol láithreach a ndíobhála agus mura féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba cheart don bhall foirne an imní a thuairisciú don Gharda Síochána.
- v. Ba cheart nóta a choimeád maidir le plé ar bith a dhéantar le Tusla agus/nó leis an nGarda Síochána, chomh maith leis an bhFoirm Thuairisce um Chosaint agus Leas Leanaí, agus caithfear an Logleabhar um Chosaint agus Leas Leanaí a chur ar fáil do DIA OOL chomh luath agus is féidir.

2.2 Gach Imní Eile a bhaineann le Cosaint agus Leas Leanaí

I roinnt mhaith cásanna, is tríd an ríomhphost, ar an teileafóin, i litreacha nó ar na meáin shóisialta a chuirtear imní i ndáil le cosaint agus leas leanaí in iúl dúinn. Féadfaidh sé a bheith neamhshoiléir cibé an bhfuil gá le hatreorú a dhéanamh nó beart láithreach a ghlacadh agus, go speisialta, an bhfuil Tusla ar an eolas cheana féin faoin leanbh i gceist agus faoin imní atá ann faoi/fúithi. I gcás mar sin, ba cheart **do bhaill foirne uile** na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint.

- i. Déanann an ball foirne an méid faisnéise ábhartha agus is féidir a chur ar fáil ar an Logleabhar Inmheánach um Chosaint agus Leas Leanaí. Is féidir é sin a dhéanamh de láimh nó ar an ríomhaire agus ba cheart an méid aitheantóirí linbh agus is féidir a fháil (ainm an linbh, seoladh an linbh, dáta breithe an linbh) a thabhairt.
- ii. Caithfidh an ball foirne a mhíniú don duine a léirigh an imní nó an líomhain nach féidir an fhaisnéis a choimeád faoi rún de bharr chineál na himní, agus go bhfuil

- sé de dhualgas orthu mar bhall foirne é a thuairisciú do DIA OOL agus b'fhéidir do Tusla agus/nó don Garda Síochána.
- iii. Más féidir agus más gá, ba cheart breithniú a dhéanamh ar theagmháil bhreise a dhéanamh leis an duine a rinne an díobháil líomhnaithe a thuairisciú ar mhaithe le soiléiriú a dheanamh ar an imní agus ar shonraí an linbh. **Níor cheart don bhall foirne i gcás ar bith, áfach, ceisteanna a chur ar an leanbh chun a fháil amach cibé an bhfuil bunús leis na líomhaintí nó nach bhfuil. I gcás go bhfuil amhras ar bith ar bhall foirne faoi sin ba cheart dóibh é a phlé leis an DIA.**
 - iv. Ba cheart don bhall foirne a gcuid imní a sheiceáil i gcoinne na bhforas réasúnta a thugtar in *Tús Áite do Leanaí* agus cinneadh a dhéanamh ansin an bhfuil gá le beart eile a ghlacadh.
 - v. Aithnítear go mbeidh cuid de na cásanna seo bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán agus nach mbeidh cúrsaí soiléir i gcónaí i gcás mar sin. Ina leithéid de chás, is riachtanach go lorgófar comhairle ó Tusla chomh luath agus is féidir. Ba cheart don bhall foirne teagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann Oibre Sóisialta ábhartha de chuid Tusla, an fhaisnéis atá acu a thabhairt dóibh agus comhairle a lorg maidir le (i) cibé an bhfuil Tusla ar an eolas faoin leanbh agus faoin imní cheana féin; agus (ii) cibé an bhfuil gá le hatreorú a dhéanamh.
 - vi. Má tá Tusla den tuairim go gcaithfear atreorú a dhéanamh, ba cheart don bhall foirne Foirm Thuairisce um Chosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú agus í a chur faoi bhráid na Foirne Oibre Sóisialta ar Dualgas chomh luath agus is féidir. Ba cheart an fhoirm a sheoladh isteach trí thairseach gréasáin Tusla ach amháin má deir an Fhoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas a mhalairt a dhéanamh.
 - vii. I gcás go bhfuil Tusla den tuairim nach gá atreorú a dhéanamh ach go bhfuil an ball foirne fós buartha faoin leanbh, is féidir leo é a phlé le DIA OOL agus cinneadh a dhéanamh maidir le beart eile a ghlacadh. Is féidir le baill foirne freisin tacaíocht agus comhairle a lorg ón DIA maidir le hiontráil a dhéanamh ar an Logleabhar Inmheánach um Chosaint agus Leas Leanaí.
 - viii. Caithfidh an ball foirne nóta a dhéanamh de ghníomhaíocht ar bith a ghlacann siad agus an toradh a bhaineann leis an ngníomhaíocht sin. Ní mór an DIA agus an Leas-DIA a chur ar an eolas faoi atreorú ar bith a dhéantar do Tusla agus caithfidh baill foirne na taifid uile agus an Logleabhar Inmheánach um Chosaint agus Leas Leanaí a thabhairt dóibh.
 - ix. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar atreorú, déanfaidh an DIA agus an ball foirne a rinne an atreorú cinneadh maidir le cad eile atá le déanamh nó déanfar an teagmháil a rinneadh le Tusla nó leis an nGarda Síochána a chur ar aghaidh más gá.
 - x. I ngach cás, idir atreoruithe agus neamh-atreoruithe, ba cheart Logleabhar Inmheánach OOL um Chosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú. Ba cheart iad sin a chur ar fáil don DIA chomh luath agus is féidir. Ba cheart faisnéis ábhartha bhreise a chur leo, mar shampla, faisnéis ar bith a fuarthas i scríbhinn ón tuairisceoir, uimhir an cháschomhaid um Ghearáin agus Fiosrúcháin má tá a leithéid i gceist, faisnéis a fuarthas ó Tusla, etc. Is é an DIA nó an Leas-DIA a

choimeádfaidh an taifead ar pháipéar seo. Cruthófar fillteán nua le haghaidh gach cás ar leith.

- xi. **Is díol suntais é, i gcás go bhfuil an DIA den tuairim nach ceart atreorú a dhéanamh do Tusla, go bhfuil seans ann nach n-aontóidh an ball foirne a léirigh an imní leis an gcinneadh sin. Ina leithéid de chás agus má cheapann an ball foirne gur cheart atreorú a dhéanamh, tá sé de rogha acu féin atreorú a dhéanamh. Sula nglactar beart ar bith, ba cheart don bhall foirne é a chur in iúl don DIA go bhfuil sé ar intinn acu atreorú a dhéanamh.**
- xii. Ba cheart do **bhaill foirne um Ghearáin agus Fiosrúcháin** nóta a dhéanamh de gach faisnéis a bhaineann le hatreoruithe féideartha nó atreoruithe iarbhír a choinnítear ar an tiomántán um Ghearáin agus Fiosrúcháin (tiomántán Z, I nó K), lena n-áirítear an Logleabhar Inmheánach um Chosaint agus Leas Leanaí comhlánaithe. Ba cheart **do bhaill foirne eile** an fhaisnéis sin a thaifeadadh ar a dtiomántáin phearsanta. Cruthófar fo-fhillteán nua le haghaidh gach cás ar leith. Ba cheart na doiciméid uile, lena n-áirítear cóipeanna scanta de dhoiciméid páipéir arna bhfáil ó Tusla nó ón nGarda Síochána maidir le himní cosanta nó leasa leanaí (amhail litreacha nó admhálacha) a stóráil sna háiteanna seo freisin. Nuair a phléifear cás a chuirtear faoi bhráid na foirne um neamh-Ghearáin agus Fiosrúcháin leis an DIA, ní mór gach doiciméad a bhaineann leis an atreorú agus atá stóráilte ar ríomhaire a thabhairt don DIA. Déanfaidh an DIA iad a aistriú chuig an tiomántán um Ghearáin agus Fiosrúcháin ansin. Agus é sin déanta, ba cheart don bhall foirne na comhaid a scríosadh óna ríomhaire féin, fiú ón mBosca Bruscair. **Níor cheart faisnéis ar bith a bhaineann le hatreorú féideartha nó atreorú iarbhír maidir le cúrsaí um chosaint leanaí a stóráil ar an tiomántán O.** Ba cheart an DIA a chur ar an eolas nuair a dhéantar an comhad a bhaineann le cás ar leith a nuashonrú.
- xiii. Ba cheart don fhoireann um Ghearáin agus Fiosrúcháin gníomhaíochtaí agus cinntí uile a bhaineann le cásanna um Chosaint agus Leas Leanaí a logáil ar an mbileog Excel ar Logleabhar an DIA agus na Foirne maidir le Gníomhaíochtaí um Chosaint agus Leas Leanaí don bhliain atá i gceist ar an Tiomántán D. Cuirfidh an DIA an scarbhileog seo i gcrích le haghaidh gach ball foirne eile.
- xiv. Nuair a dhéantar cinneadh maidir le hatreorú do Tusla nó teagmháil leis an nGarda Síochána, ba cheart an duine a thug an fhaisnéis do OOL agus tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh a chur ar an eolas maidir leis na cinntí sin. I gcás gearán a dhéantar do Ghearáin agus Fiosrúcháin, is féidir an fhaisnéis sin a chur san áireamh i litreacha maidir leis an ngearán féin, más cuí. De réir mar a leagtar amach sa treoir in *Tús Áite do Leanaí*, áfach, níor cheart é sin a dhéanamh i gcás (i) go gcuirfidh sé an leanbh i mbaol breise, (ii) go bhfuil sé réasúnta a cheapadh go gcuirfidh sé isteach ar chumas Tusla an imní a fhiosrú, agus (iii) go gcuirfidh sé an t-atreoraí i mbaol díobhála ón tuairisceoir nó ó na tuismitheoirí/caomhnóirí. **Ba cheart go luaitear ar an gcomhfhreagras ar fad a sheoltar chuig an duine a chuir an fhaisnéis ar fáil agus do thuismitheoirí/caomhnóirí an linbh gur cheart teagmháil ar bith a bhaineann**

leis an atreorú a sheoladh chuig an DIA, agus ní mór na sonraí teagmhála iomchuí a chur ar fáil.

3. Nós imeachta tuairiscithe i ndáil le líomhaintí i gcoinne baill foirne maidir le mí-úsáid a dhéanamh

Má dhéantar líomhaintí mí-úsáide linbh nó duine óig i gcoinne baill foirne, ní mór cloí leis an nós imeachta seo a leanas.

- i. Tá sé de dhualgas ar bhaill foirne uile tuairisciú a dhéanamh i gcoinne bhall foirne eile de chuid OOL i gcás mí-úsáide linbh amhrasta/líomhnaithe, beag beann ar an ról atá ag an mball foirne sin. I gcás mar sin, ba chóir do bhaill foirne cloí leis na nósanna imeachta a leagtar amach in alt 2.1 thuas má cheaptar go bhfuil an leanbh i mbaol láithreach a ndíobhála, agus cloí leis na nósanna imeachta faoi alt 2.2 i ngach cás eile.
- ii. Tá sé tábhachtach go gcuirtear an DIA ar an eolas maidir le líomhaintí a dhéantar i gcoinne baill foirne chomh luath agus is féidir toisc gurb é ról an DIA an tuairisc a chur in iúl i scríbhinn don Ombudsman do Leanaí, do bhainisteoir líne an bhaill foirne, agus don bhainisteoir acmhainní daonna gan mhoill. I gcás ball foirne a théann ar lorg comhairle ó Tusla maidir le hatreorú a dhéanamh i gcoinne baill foirne eile, ba cheart dóibh a chinntiú go gcuirtear an DIA ar an eolas láithreach i scríbhinn.
- iii. Caithfear tús áite a thabhairt do chosaint an linbh agus ní mór a chinntiú nach mbeidh teagmháil dhíreach le leanaí ag an mball foirne i gceist, le héifeacht láithreach. Is é an tOmbudsman do Leanaí a dhéanfaidh an cinneadh sin.
- iv. I gcás nach bhfuil sé soiléir, i ndiaidh labhairt leis an bhFoireann Oibre Sóisialta ar Dualgas maidir le cibé ar cheart atreorú a dhéanamh, déanfaidh an bainisteoir líne ábhartha agus an DIA athbhreithniú ar an bhfaisnéis ar fad a fuarthas. Má tá siad sásta go mbaineann forais réasúnta leis an amhras/líomhain, déanfaidh an DIA Foirm Thuairisce um Chosaint agus Leas Leanaí a chomhlánú agus a chur faoi bhráid Tusla gan mhoill. Cuirfidh an DIA an tOmbudsman do Leanaí ar an eolas faoin atreorú sin.
- v. Cuirfidh an bainisteoir líne ábhartha an ball foirne ar an eolas i scríbhinn go bhfuil líomhain déanta ina c(h)oinne agus leagfar amach cineál na líomhna dó/di. Tabharfar deis don bhall foirne freagra a thabhairt. I gcás go bhfuil tuairisc déanta, nó á déanamh, do Tusla, cuirfear freagra an bhaill foirne ar aghaidh chuig Tusla freisin.
- vi. Déileálfad an bainisteoir líne ábhartha agus an bainisteoir acmhainní daonna le bearta araíonachta inmheánacha de réir chonradh fostaíochta an bhaill foirne agus rialacha araíonachta inmheánacha eile a bhaineann leis an gcás. Déanfaidh an bainisteoir líne ábhartha agus an bainisteoir acmhainní daonna measúnú ar an mball foirne a chur ar shaoire riaracháin.

- vii. Má dhéantar líomhain i gcoinne an DIA, is é/í an Leas-DIA agus an Stiúrthóir a dhéileálfaidh leis an gcás.
- viii. Féadfaidh sé tarlú nach bhfuil bunús ar bith le líomhaintí i gcoinne ball foirne. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtuigeann foireann OOL nach bhfuil siad mícheart imní a chur in iúl riamh, fiú má fhaightear amach tríd an bpróiseas fiosrúcháin nach bhfuil bunús ar bith leis.
- ix. Déanfar gníomhaíochtaí freagracha a spreagadh i gcónaí ionas gur féidir le baill foirne a thuairiscíonn imní a bheith cinnte go mbeidh tacaíocht ann dóibh.

Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i gcás líomhna mí-úsáide i gcoinne an Ombudsman do Leanaí

- x. Tagann an nós imeachta thíosluaite i bhfeidhm má tharlaíonn na rudaí seo a leanas:
 - Déantar líomhaintí i gcoinne an Ombudsman do bhall foirne nó don Ombudsman do Leanaí féin. Ní mór na líomhaintí sin a thuairisciú don Stiúrthóir um Ghearáin agus Fiosrúcháin agus don DIA ionas go ndéanfar cinneadh maidir le hatreorú a dheanamh do Tusla nó don Gharda Síochána. I gcás nach ndéantar na líomhaintí go díreach don Ombudsman do Leanaí, ní mór don Stiúrthóir, nó an DIA mura bhfuil an Stiúrthóir ar fáil, an tOmbudsman a chur ar an eolas faoi na líomhaintí chomh luath agus is féidir.

Déanfar talamh slán de na nithe seo a leanas:

- Glacfar leis nach mbeidh bac ar bith ann maidir le hatreorú a dhéanamh do na húdaráis iomchuí. Leanfaidh Tusla/an Garda Síochána a nósanna imeachta féin ón am sin ar aghaidh. Ní bhaineann na roghanna thíos ach leis an mbealach a thabharfaidh Oifig an Ombudsman do Leanaí aghaidh ar an gcás sa tréimhse idir an t-am a dhéantar an t-atreorú agus an t-am a chuireann na húdaráis ábhartha a bhfiosrú i gcrích.
- Glactar leis, díreach mar a bhaineann le baill foirne eile de chuid OOL, nach mbeidh teagmháil dhíreach ag an Ombudsman le leanaí ina ról mar Ombudsman go dtí go mbeidh an cás réitithe ag na húdaráis ábhartha.
- Glactar leis nach gcuirfidh na nósanna imeachta thíosluaite isteach ar aon gníomhaíochtaí fiosruithe réasúnta nó ar aon iarratas arna ndéanamh ag Tusla nó ag an nGarda Síochána.

Nós imeachta atá le leanúint

- xi. Má dhéantar líomhain i gcoinne an Ombudsman do Leanaí, ba cheart déileáil leis sin ar dtús i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan amach in alt 2 agus 3 thuas.

- xii. Más rud é go bhfuil atreorú déanta ag DIA OOL do Tusla nó don Gharda Síochána, scríobhfaidh an tOmbudsman chuig an Ard-Rúnaí i Roinn an Taoisigh chun an oifig sin a chur ar an eolas go bhfuil líomhaintí déanta agus curtha ar aghaidh chuig Tusla/chuig an nGarda Síochána.
- xiii. Bunófar painéal chun athbhreithniú a dhéanamh ar na líomhaintí agus cinneadh a dhéanamh maidir le cén saoire is gá don Ombudsman a thógáil, má tá saoire ar bith ag teastáil sa chás áirithe sin. Mar chuid den phainéal seo, ba chóir go mbeadh (i) an Stiúrthóir um Ghearáin agus Fiosrúcháin (ii) Coimisinéir na Leanaí ó Shasana, ó Albain, ó Thuaisceart Éireann nó ón mBreatain Bheag, agus (iii) na Speisialtóirí um Acmhainní Daonna (comhairleoirí Acmhainní Daonna OOL). I gcás mar sin, cuirfear forálacha Alt 4(3) den Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, faoi bhráid chathaoirleach an choiste seo.
- xiv. Is é aidhm an phainéal seo ná:
 - (i) athbhreithniú a dhéanamh ar na líomhaintí agus cinneadh a dhéanamh maidir leis an Ombudsman a chur ar saoire;
 - (ii) moltaí a dhéanamh maidir le saoire ar bith atá le tógáil ag an Ombudsman do Leanaí, lena n-áirítear cineál agus fad na saoire atá de dhíth, agus aird a thabhairt ar oiriúnacht agus dlíthiúlacht na saoire sin.
- xv. Cuirfidh an Stiúrthóir um Ghearáin agus Fiosrúcháin an tOmbudsman, Ard-Rúnaí Oifig an Taoisigh agus aon pháirtithe ábhartha eile ar an eolas maidir leis na moltaí a thagann as an athbhreithniú.

4. Nós imeachta tuairiscithe i ndáil le líomhaintí i gcoinne conraitheora tríú páirtí arna fhostú ag institiúid sheachtrach maidir le mí-úsáid

- i. Má chuirtear in iúl don OOL go bhfuil líomhain díobhála déanta do chonraitheoir tríú páirtí, nó i gcoinne conraitheora tríú páirtí, arna fhostú ag institiúid sheachtrach, ní mór dearbhuithe a lorg ón institiúid sin go bhfuil aghaidh á tabhairt ar na líomhaintí sin ar bhealach iomchuí.
- ii. Caithfear tús áite a thabhairt don leanbh a chosaint agus ní mór a chinntiú nach mbeidh teagmháil dhíreach le leanaí ag an duine i gceist thar ceann OOL, le héifeacht láithreach agus go dtí go mbeidh na húdaráis iomchuí tar éis fiosrú a dhéanamh ar na líomhaintí.

5. Rúndacht agus Malartú Faisnéise

Rúndacht

Is minic a bhíonn cosaint éifeachtach linbh ag brath ar cé chomh toilteanach is atá baill foirne a oibríonn le leanaí faisnéis ábhartha a chomhroinnt agus a mhalartú. Mar sin, tá

sé ríthábhachtach go dtuigtear go soiléir na freagrachtaí gairmiúla agus dlíthiúla atá ann maidir le rúndacht agus faisnéis a mhalartú.

Ba cheart gur ar bhonn riachtanais agus tar éis breithniú a dhéanamh ar leas an linbh a chuirtear foireann iomchuí OOL agus ghníomhaireachtaí seachtracha um chosaint leanaí ar an eolas faoin bhfaisnéis a bhaineann le himní maidir le mí-úsáid leanaí.

Ní féidir gealltanais ar bith maidir le rúndacht a thabhairt don duine a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí. Ba cheart do fhoireann OOL a oibríonn le leanbh agus teaghlach é sin a shoiléiriú do na páirtithe go léir, cé gur féidir leo a bheith cinnte go ndéanfar an fhaisnéis ar fad a láimhseáil agus aird iomlán á tabhairt ar cheanglais dlí. Déanfaidh ball foirne a fhaigheann an nochtadh é a mhíniú don fhaisnéiseoir nach féidir an t-eolas a choimeád faoi rún de bharr chineál na faisnéise agus go bhfuil sé de dhualgas air/uirthi mar bhall foirne é a thuairisciú do Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe OOL agus b'fhéidir do Tusla nó don Gharda Síochána.

Tá treoir ghinearálta le fáil sna cóid eiticiúla agus reachtúla a bhaineann le rúndacht agus cúrsaí cosanta sonraí. Níl siad ceaptha chun teorainn nó bac a chur le malartú faisnéise idir baill foirne gairmiúla éagsúla a bhfuil sé de chúram orthu cosaint leanaí a chinntiú. Ní sárú rúndachta ná sárú cosanta sonraí é faisnéis a thabhairt do Tusla nó don Gharda Síochána chun críocha leanaí a chosaint.

Beidh cúrsaí rúndachta ina gcuid den oiliúint a chuirfear ar bhaill foirne OOL.

Malartú Faisnéise

Ní éireoidh le socruithe um chosaint leanaí ach amháin i gcás go n-oibríonn foireann OOL i gcomhpháirtíocht le páirtithe eile agus go gcomhroinneann siad faisnéis ábhartha, le Tusla agus leis an nGarda Síochána go speisialta.

6. Forais Réasúnta Imní

Tá samplaí de na forais réasúnta a bhaineann le líomhaintí nó amhrais mí-úsáide leanaí a thuairisciú le fáil in *Tús Áite do Leanaí 2017*. Tá teacht orthu in Aguisín 1 thíos. I gcás amhrais, mura bhfuil léiriú oibiachtúil ann go bhfuil mí-úsáid nó faillí i gceist, de ghnáth ní féidir a rá gur amhras réasúnta nó forais réasúnta imní é. Is féidir, áfach, faisnéis a spreagann imní a chur faoi bhráid Tusla gan léiriú oibiachtúil a bheith ann, ag féachaint do na forais réasúnta.

Tá sé tábhachtach go mbunaíonn an duine a thuairiscíonn mí-úsáid leanaí amhrasta do Tusla nó don Gharda Síochána bonn dá (h)imní. Ag an am céanna, níor chóir dóibh gallamh mionsonraithe a chur ar an leanbh nó ar thuismitheoirí/caomhnóirí an linbh

maidir leis an mí-úsáid líomhnaithe gan dul i gcomhairle le Tusla ar dtús; féadfaidh go mbeadh sé níos oiriúnaí dá ndéanfadh oibrí sóisialta Tusla nó an Garda Síochána é sin.

7. Cosaintí Dlíthiúla do dhaoine a thuariscíonn imní maidir le mí-úsáid leanaí

Tá cosaint dhlíthiúil ann do dhaoine a thuariscíonn imní maidir le cosaint leanaí. Leis an Acht um Chosaint Daoine a Thuariscíonn Mí-Úsáid Leanaí, 1998, tugtar cosaint ó dhlíthíocht shibhialta do dhaoine a chuireann mí-úsáid leanaí in iúl go réasúnach agus de mheon macánta d'oifigigh ainmnithe de chuid Tusla nó d'aon chomhalta den Garda Síochána. Baineann an chosaint seo le heagraíochtaí agus le daoine aonair araon. Is éard is ciall leis an gcosaint dhlíthiúil seo ná fiú sa chás nach bhfuil bunús ar bith le tuairisc maidir le mí-úsáid leanaí, chaithfeadh gearánaí a ghlacfaidh caingean cruthúnas a thabhairt nach raibh an duine sin ag feidhmiú go réasúnta agus le dea-intinn nuair a bhí an tuairisc sin á déanamh. Duine a dhéanann tuairisc le dea-intinn agus ar mhaithe le leas an linbh, féadfaidh siad a bheith faoi chosaint freisin faoin dlí coiteann le cosaint na pribhléide cáilithe.

8. Ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Duine Ábhartha

Tá an DIA freagrach as a chinntiú go leanfar leis na nósanna imeachta tuairiscithe laistigh d'eagraíocht, ionas go ndéanfar cúrsaí leasa agus cosanta leanaí a tharchur go Tusla ar bhonn pras. Déanfar ainmneacha DIAanna OOL a chur ar taispeáint go poiblí agus cuirfear ar an eolas iad do gach duine a bhaineann leis an eagraíocht agus leana gníomhaíochtaí (oibríthe, leanaí agus daoine óga, tuismitheoirí agus caomhnóirí). Beidh níos mó agus DIA amháin ag OOL i gcónaí agus ainmneofar baill foirne chun an ról sin a chomhlíonadh.

Is é seo a leanas ról an DIA:

- beidh an DIA ina t(h)eagmhálaí maidir le déileáil le gníomhaireachtaí reachtúla a bhfuil sé mar chúram orthu imní um chosaint leanaí a fháil, a láimhseáil agus a fhiosrú (i.e. Tusla agus an Garda Síochána);
- beidh an DIA mar acmhainn agus mar theagmhálaí do dhuine ar bith (ball foirne, leanbh nó duine óg, tuismitheoir nó caomhnóir, etc.) a chuireann imní um chosaint leanaí in iúl don OOL;
- beidh sé ar an DIA a chinntiú go gcloítear leis an nós imeachta tuairiscithe caighdeánach, ionas go ndéantar cásanna amhrasta faillí nó mí-úsáide leanaí a atreorú go pras chuig Tusla, nó i gcás práinneach / nó de réir mar is gá, chuig an nGarda Síochána;
- beidh sé ar an DIA a chinntiú go gcoinnítear taifead iomlán i scríbhinn maidir le himní uile a gcuirtear in iúl dóibh, lena n-áirítear bearta ina dhiaidh sin arna nglacadh ag OOL, cumarsáid uile leis na húdaráis reachtúla, agus admháil go bhfuil an t-atreorú faighte ag Tusla agus/nó ag an nGarda Síochána.

I gcás go bhfuil ball foirne i mbun atreorú féideartha a phlé leis an DIA, agus i gcás go bhfuil an DIA den tuairim nach gá an imní a thuirisciú do Tusla, ní mór don DIA na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Taifead a dhéanamh de na cúiseanna nach bhfuil tuairisciú á dhéanamh
- Taifead a dhéanamh de bhearta ar bith a nglactar mar thoradh ar an imní
- Míniú soiléir i scríbhinn a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a chuir an imní in iúl maidir leis na cúiseanna nach bhfuil an imní á tuairisciú do Tusla
- An fostaí nó an t-oibrí deonach a chur ar an eolas gur féidir leo tuairisc a dhéanamh do Tusla nó don Gharda Síochána má tá imní fós orthu

Féadfaidh imní maidir le cosaint leanaí teacht chun cinn agus baill foirne ag obair le leanaí thar ceann OOL lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige. Sa chás sin, ba cheart do bhaill foirne iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil le Foireann Oibre Sóisialta Tusla más féidir. Ag cur na deacrachtaí a bhaineann leis sin a dhéanamh lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige san áireamh, áfach, féadfaidh gur gá comhairle a fháil ó DIA Oifig an Ombudsman do Leanaí. Chun teagmháil le DIA OOL a éascú, más gá, i gcúinsí mar sin, tabharfar uimhreacha teileafóin póca na DIAanna do bhaill foirne a dhéanann obair mar sin. Chun a bheith cinnte go mbeidh DIA ar fáil má tá sé/sí ag teastáil, ba chóir don bhall foirne na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Faigh amach ó na DIAanna go maith roimh ré cé a bheidh ar fáil chun glaonna teileafóin a thógáil;
- Cinntigh go bhfuil a fhios ag na DIAanna go maith roimh ré faoi na huairéanta cloig sonracha a d'fhéadfadh siad glao teileafóin a fháil.

I gcás nach bhfuil DIA ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, ba cheart do bhall foirne a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu i ndail le leanbh teagmháil a dhéanamh le Tusla chun comhairle a fháil.

Duine Ábhartha

Déanfaidh OOL ball foirne a cheapadh sa ról an duine ábhartha de réir *Tús Áite do Leanaí 2017*. Beidh an duine ábhartha ina c(h)éad phointe teagmhála maidir leis an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus tabharfaidh siad faoi iniúchtaí bliantúla chun a chinntiú go bhfuil *Tús Áite do Leanaí 2017* á chomhlíonadh.

9. Líomhaintí a fháil ó leanaí agus daoine óga maidir le díobháil

Cé gur gá imní maidir le cosaint agus leas leanaí arna dtuirisciú ag daoine fásta a láimhseáil go tuisceanach agus a thaifeadadh go cruinn agus chomh mionsonraithe agus

is féidir, caithfear cúram ar leith a ghlacadh i gcás go bhfuil líomhaintí maidir le mí-úsáid á ndéanamh ag leanaí agus daoine óga. Ina leithéid de chás, tá sé de chúram ar an bhfoireann dá nochtar na líomhaintí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- éist leis an leanbh nó leis an duine óg seachas ceisteanna a chur orthu;
- lig don leanbh nó don duine óg imeachtaí a thaifeadadh faoi shaoirse;
- tabhair míniú don leanbh nó don duine óg faoi na bearta a chaithfidh tú a ghlacadh agus na daoine a chaithfidh tú a chur ar an eolas;
- coimeád cuntas cruinn ar an gcomhrá i scríbhinn chomh luath agus is féidir i ndiadh na líomhaintí a chloisteáil; bain leas as Foirm Thuairisce um Chosaint agus Leas Leanaí.
- lean na nósanna imeachta arna leagan amach i gCuid 2 agus i gCuid 3 thuas.

10. Cleachtais um chumhdach leanaí le linn bualadh le leanaí agus daoine óga

Cloífidh foireann OOL leis na cleachtais seo a leanas le linn bualadh le leanaí agus daoine óga.

- Más féidir, beidh beirt duine fásta ar a laghad i láthair ag gach imeacht, cruinniú agus gníomhaíocht arna n-eagrú ag OOL le haghaidh leanaí agus daoine óga.
- Coinneoidh baill foirne taifead i scríbhinn maidir le ham ar bith a bhíonn ball foirne de chuid OOL ina n-aonar i spás príobháideach le leanbh. I gcás nach féidir a leithéid a sheachaint, amhail iarratas ó leanbh nó duine óg labhairt go príobháideach, cuirfidh an ball foirne comhghleacaí ar an eolas go bhfuil a leithéid de chruinniú ag tarlú.
- Buailfidh an ball foirne leis an leanbh/duine óg i spás sábháilte agus, más féidir, i seomra ar a bhfuil ballaí trédhearcacha ionas go bhfuil é/í féin agus an leanbh/duine óg feiceálach do dhaoine eile. I gcás nach féidir spás mar sin a úsáid ar an láthair nó in áit sheachtrach, glacfaidh an ball foirne bearta praiticiúla chun é sin a mhaolú - mar shampla, comhghleacaí a chur ar an eolas agus/nó duine fásta san áit a chur ar an eolas go bhfuil an cruinniú ar siúl; iarraidh ar chomhghleacaí nó ar dhuine fásta san áit suí isteach le linn an chruinnithe; doras an tseomra ina bhfuil an cruinniú ar siúl a fhágáil ar oscailt; iarraidh ar dhuine fásta san áit bualadh isteach ar an gcruinniú ar bhonn rialta (e.g. gach 15 nóiméad); agus/nó taifeadadh fuaime a dhéanamh ar an gcruinniú.
- Coinneoidh baill foirne taifead de leanaí agus daoine óga a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí/imeachtaí arna n-eagrú ag OOL. Leis sin, beidh cóip den fhoirm/litir toilithe arna síniú ag an tuismitheoir/caomhnóir agus foirm aontaithe an duine óg.
- Coinneofar taifead i scríbhinn freisin maidir le baill foireann OOL i láthair ag imeachtaí.

- Ní cheadaítear do leanaí agus daoine óga a bheith ag obair nó fanacht in oifig OOL gan beirt bhall foirne a bheith i láthair.

11. Nósanna imeachta sábháilte um fhoireann a earcú agus a roghnú

I gcomhréir le halt 21 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, meastar gur státseirbhísigh i Státseirbhís an Stáit iad baill foirne Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Cloíonn Oifig an Ombudsman do Leanaí le dianphróiseas earcaíochta agus roghnúcháin i gcás iarratasóirí poist. I gcás cúrsaí cosanta leanaí, is éard atá i gceist leis an bpróiseas sin ná:

- a chinntiú go n-áirítear ina gconradh tagairt shoiléir do Bheartas OOL um Chosaint Leanaí agus an dualgas a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh i gcás imní um chosaint leanaí.
- a chinntiú go ndéantar an fhaisnéis go léir arna chur ar fáil ag iarratasóirí a bhailíochtú agus a dhearbhu agus go gcuirtear ceist faoi bearnaí faisnéise ar bith atá ann agus go ndéantar na freagraí a bhailíochtú;
- tairiscintí fostaíochta a dhéanamh faoi réir litreacha molta sásúla a fháil, lena n-áirítear litir mholta ón bhfostóir reatha nó ón bhfostóir is déanaí (lorgófar dhá litir mholta ar a laghad);
- a chinntiú go ndéantar tairiscintí fostaíochta faoi réir ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána; tiocfaidh tríú páirtithe arna bhfostú ar chonradh chun obair a dhéanamh le leanaí agus daoine óga faoi réir ghrinnfhiosrú an Gharda Síochána i gcomhréir le hAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 agus 2016;
- ní mór do na hiarratasóirí a n-éireoidh leo foirm dhearbhaithe a shíniú a chuireann sé de dhualgas orthu nochtadh a dhéanamh ar fhaisnéis ar bith a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá n-oiriúnacht dul ag obair in Oifig an Ombudsman do Leanaí (d'fhéadfadh deireadh a chur lena bhfostaíocht i bhfianaise faisnéise maidir lena n-oiriúnacht a choinnítear siar le linn an phróisis earcaíochta);

Baineann an próiseas seo le baill foirne íoctha uile a oibríonn in Oifig an Ombudsman do Leanaí, bíodh é sin ar bhonn buan nó ar bhonn sealadach.

Aguisín 1

Forais Réasúnta Imní

Ba chóir go gcuirfidh tú Tusla ar an eolas i gcónaí nuair a bhíonn forais réasúnta imní agat go mb'fhéidir go raibh, go bhfuil, nó go mbíonn i mbaol a mí-úsáide ná a bhfaillí. Má dhéanann tú neamhaird ar airíonna féideartha na mí-úsáide,

d'fhéadfaí díobháil leanúnach bheith á déanamh don leanbh. Ní gá duit a chruthú gur tharla mí-úsáid chun imní a thuairisciú do Tusla. Ní theastaíonn ach go mbíonn forais réasúnta imní agat. Is é ról Tusla chun measúnú a dhéanamh ar na himníocha a tuairiscíodh di. Má thuairiscíonn tú imní éigin, bí ar do shuaimhneas go mbreithneofar d'fhaisnéis go cúramach le haon fhaisnéis eile atá ar fáil, agus go ndéanfar measúnú cosanta leanaí mar a n-aithnítear dóthain priacail.

Áirítear leis forais réasúnta d'imní cosanta nó leasa faoi leanbh:

- Fianaise, gortú nó iompar mar shampla, ar comhsheasmhach í leis an míúsáid
agus nach dócha go raibh cúis éigin eile leo ar bhealach ar bith eile
- Imní ar bith faoi mhí-úsáid fhéideartha
- Comharthaí comhsheasmhacha go bhfulaingíonn an leanbh le faillí mhothúcháinach nó cholanda
- Leanbh a deir nó a thugann le fios ar bhealach éigin eile go ndearnadh
mí-úsáid dóibh
- Admháil nó tásca le haosach nó le leanbh faoi mhí-úsáid líomhnaithe a
rinne siad
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mí-úsáid

Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, 2017, Ich 6